

# ❖ An Lúibín ❖

12 Nollaig 2008

## **Litriocht.com**

*Recognition for the foremost Irish-language online book-buying service.*

An té a bhfuil cárta creidmheasa aige (rud nach bhfuil ag *An Lúibín*) ba chóir eolas a bheith aige ar *Litriocht.com* ([www.litriocht.com](http://www.litriocht.com)), an siopa leabhar Gaeilge is suntasaí ar-líne. Tá breis agus 5,000 teideal de gach cineál le fáil ann, agus leabhair atá as cló san áireamh.

Tomás Mac Gearailt, Gael-Mheiriceánach, a chuir an gnó ar bun naoi mbliana ó shin i gCill Chúile i gCorca Dhuibhne mar chuid den ghrúpa Bard na nGleann. Tháinig rath air ó shin agus tá na duaiseanna á ngnóthú aige: Golden Spiders (don ríomhghnó is fearr in Éirinn), Barr 50 Gnó na Gaeilge (*Lá Nua*), agus é ar an gceathrar ab airde sna Net Visionary Awards, duais a bhronnann Cumann Idirlín na hÉireann.

Ní nach ionadh, dealraíonn sé go bhfuil an Gearaltach an-sásta leis an aitheantas oifigiúil seo. Is beag duine a shéanfadh go bhfuil sé tuillte aige féin agus ag a fhoireann. Is iomaí áis Ghaeilge atá le fáil ar an Idirlíon anois, ach is beag ceann acu atá chomh húsáideach do Ghaeilgeoirí ar fud an domhain (má tá cárta na seacht ndiabhal bhuí acu).



## **Na leabhair is óige**

*Small publishers with picturesque ideas.*

Tá comhlacht foilsitheoireachta tagtha ar an bhfód i mBéal Feirste agus gan ach dhá leabhar curtha amach acu go fóill. Ba é an chéad leabhar *Gaiscíoch na Beilte Ulaine*, seanscéal faoi Bhalor na Súile Nimhe, fathach as Oileán Thóraigh. Leabhar pictiúr é a bhain duais cheana, agus (rud is annamh) ní ar na leanaí atá sé dírithe ach ar dhaoine fásta agus ar dhéagóirí. Tabhair cuairt ar shuíomh greanta an chomhlachta: [www.antsnathaidmhor.com](http://www.antsnathaidmhor.com).

Tá sé d'aidhm acu seanscéalta na tíre a chruinniú, rud a thug orthu a n-aghaidh a thabhairt ar UCD, na scéalta sna catalóga a chíoradh agus a rogha féin a bhaint astu. Gaeilgeoirí Bhéal Feirste féin a bhí mar chuspaí acu le haghaidh na bpictiúr. Fuarthas airgead ó Bhord na Leabhar Gaeilge le haghaidh costas foilsitheoireachta - an costas is mó i gcónaí agus é ina bhac ar fhoilsitheoirí Éireannacha eile.<sup>1</sup>

Ná dearmadaimis Futa Fata ach oiread ([www.futafata.com](http://www.futafata.com)), 'lipéad ceoil agus foilsitheoir leabhar atá lonnaithe sa Spidéal, i nGaeltacht Chonamara, ar chósta thiar na hÉireann,' mar a deir an suíomh. Foilsitheoir beag neamhspleách eile is ea Futa Fata agus is iomaí leabhar a chuir sé amach le haghaidh páistí, in éineacht le dlúthdhioscaí. (Moltar beocht na Gaeilge atá le cloisteáil orthu siúd.) Is ábhar suntais é freisin an treoir do *Aifric*, sraith teilifíse do dhéagóirí ar TG4 agus éileamh uirthi, más fíor.



---

<sup>1</sup> Féach píosa faoin scéal seo le Robert McMillen ar an *Irish News*, 4/12/08.

## Na marcanna breise

*In Irish schools the Irish language earns you extra marks. Is this fair, or more than fair?*

Comhartha ar bhláthú na gaelscolaíochta is ea an gearán a dhéantar ó am go chéile gur dhaltaí a fhoghlaimíonn trí Bhéarla atá thíos leis an scéal. Sampla maith den chasaid seo is ea píosa le Kate Holmquist san *Irish Times*, 9/12/08. Cuireann sí i gcuimhne dúinn gur marcanna breise a fhaigheann daltaí sna scoileanna lánGhaeilge – suas le 10% os cionn an bhuntoraídh sa Mheánteistiméireacht, rud a bhfuil daltaí ó scoileanna eile thíos leis.

De réir liosta an *Irish Times* de scoileanna réamhollscolaíochta ('feeder'), scoileanna lánGhaeilge is ea seachtar as cúig cinn is fiche acu (idir scoileanna táillí agus scoileanna gan táillí). Maidir leis na cúig scoil is fiche gan táillí is fearr, scoileanna lánGhaeilge is ea ceithre cinn déag acu. Ní deacair a dhéanamh amach gur chríonna an tseift do chlann a chur chun scoile lánGhaeilge gan táillí, cé gur ghá duit a bheith i do chónaí in aice le meánscoil lánGhaeilge chuige. Sliocht na meánaicme is mó atá ann, a deir Holmquist, agus níl na ranganna rómhór, rud a théann ar sochar do na daltaí. Cuireann Holmquist an cheist seo:

Cén fáth arbh fhearr an deis a bheadh agat céim a dhéanamh sa leigheas nó sa dlí toisc gur trí Ghaeilge a d'fhoghlaim tú an mhatamaitic, an tíreolaíocht nó an eacnamaíocht bhaile? Más mian le daltaí staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge mar an dara nó an tríú teanga, bíodh an rogha sin acu, ach céin fáth a mbeadh an buntáiste ag daltaí sna scoileanna lánGhaeilge i dtír dhomhanda mar a bhfuil daltaí ó chultúir dhifriúla i mbun coimhlinte? Is léir firinne an scéil: is iad na daltaí ó scoileanna lánGhaeilge is dóichí a bhainfidh amach a rogha cúrsa ollscoile, más dlí, leigheas nó ealaíona é.

D'fhéadfaí a mhalairt d'argóint a dhéanamh – go bhfuil tábhacht ar leith ag an nGaeilge mar chuid de dhúchas na tíre agus go bhfuil sé de dhualgas ar an stát ó thaobh na bunreachta de an teanga a chothú (rud a theip air a dhéanamh, ar ndóigh, sna scoileanna Béarla). Argóint idir dhá dhream agus dhá dhearcadh is ea í – féiniúlacht atá ag brath ar theanga áirithe agus féiniúlacht eile a chaithfidh teacht gan an teanga úd toisc nach múintear í le héifeacht sna gnáthscoileanna agus nach bhfoghlaimítear le fonn í. Argóint i, mar sin, nach bhfuil réiteach luath i ndán di.

Is cinnte nach fiú an Ghaeilge a dhéanamh éigeantach i scoileanna Béarla mura leanann líofacht í. B'fhearr í a dhéanamh roghnach, nó tabhairt ar na daltaí staidéar a dhéanamh ar theanga Eorpach eile freisin agus an dá theanga a mhúineadh go bríomhar. Is mó an bhéim atá le cur ar an gcaint i múineadh na Gaeilge feasta, leasú ba chóir a dhéanamh fadó; cuirfear an-suim sa toradh a bheidh air sin.

Thug roinnt daoine freagra ar Holmquist. Ní bhaineann an 10% ach le hábhair áirithe, agus ní mór don dalta 75% nó níos lú a fháil chuige tar éis an páipéar iomlán a chríochnú. Tá bónas níos lú le fáil in ábhair eile – 5% nó 3%. Má fhaightear níos mó ná 75% laghdaíonn an bónas de réir scála. Tá dhá ábhar is tríocha ar fáil sa Mheánteistiméireacht ach níl naoi gceann déag acu sin ar fáil i nGaeilge, agus caithfidh daltaí sna scoileanna lánGhaeilge teacht gan na háiseanna is dual do dhaltaí eile – na treoracha staidéir, na forlionsa sna nuachtáin náisiúnta, an tacaíocht ar-líne agus na hoidí pulctha. Mar sin féin, ní hiad a bhíonn ar deireadh.



## **Péig a bhí**

*Peig Sayers, whose work was studied with boredom by generations, repays a fresh reading.*

Ar 8/12/58 a cailleadh Peig Sayers, údar nár scríobh focal riamh: a mac Mícheál Ó Guithín, file, a bhreac síos scéal a beatha óna béal féin, agus ba mhaith an sás chun scéalaíochta í. Ar an dóigh chéanna bhailigh an béaloideasáí Seosamh Ó Dálaigh timpeall 300 scéal uaithi.

Ní mó ná sásta a bhí daltaí na hÉireann le Peig riamh agus a leabhar á bhrú orthu leis na blianta fada le haghaidh na hArdeistiméireachta – sampla maith de shaothar a mhilltear le drochúsáid sna scoileanna. (Is iomaí údar eile a d'fhéadfadh an gearán céanna a dhéanamh agus Shakespeare féin san áireamh.)

Tháinig Peig amach sa bhliain 1936, agus an té a léann anois é go gan smúit na scolaíochta ar a shuile (agus tá buntáiste ag Gaeilgeoirí i dtíortha eile i ngeall air sin) gheobhaidh sé cuntas bríomhar ceolmhar ann ar shaol atá imithe le fada. Ní gá a rá gur fearr duit an leagan neamhchaidheánaithe a léamh (má tá fáil agat air) chun fíorbhlas na hinsinte a thabhairt leat.

Tháinig an saol nua-aoiseach suas le Peig, agus í ar an gcéad duine a tháinig Aonad Taistil RTÉ tar éis é a chur ar bun sa bhliain 1947. Séamus Ennis, Seán Mac Réamoinn agus Bertie Rodgers ón BBC a chuaigh chun cainte léi. Dá bhrí sin tá a guth ina beatha fós sna cartlanna.

Ach bhí daoine ann a thug taitneamh di ar scoil, agus orthu sin bhí an scríbhneoir Breandán (Brandy) Mac Gearailt (*Irish News*, 9/12/08), fear a fuair scolaíocht i bParóiste Mórach:

Ach oiread le leabhar uile an Blascaoid tá Gaolainn Mhilis Bhlasta iarthar Dhuibhnigh le feiscint ó thús deireadh an leabhair. Tá saibhreas teanga le fáil sa leabhar sin a fhágann é ina sheod Gaolainne. Iad siúd ná tuigeann sin, ní thuigeann siad an Ghaolainn. Bheadh an leabhar seo molta is mise im thost. Is iad na héachtaintí cultúrtha, seanchais, staire agus sóisialta na comharthaí sóirt is tábhachtaí agus is suimiúla eile atá le sonrú.

Agus Peig imithe ón rang anois, b'fhéidir go dtiocfadh glúin nua ar aon intinn le mo dhuine.



## **Reacht na sinsear**

*In English one talks of the 'Dreaming' – the ancestral state of creation in Aboriginal cosmology. But perhaps a better term is needed, in English and Irish.*

I mBéarla tugtar an *Dreaming* air – an ré úd ar chruthaigh sinsir naofa na mBundúchasach an chruinne. Téarma neamhchruinn is ea é agus b'fhearr a mhalairt a úsáid.

Chaith an t-antrapeolaí Éireannach Fiona Magowan tamall maith sna nóchaidí i measc Yolngu na Críche Thuaidh, dream ar éirigh leo a ndúchas agus a dteanga a thabhairt slán ón treascairt, murab ionann is a lán pobal dúchasach eile. Chuir sí aithne mhaith ar na daoine agus d'fhoghlaim an teanga, na hamhráin agus na rincí. Ag seo sliocht as leabhar léi, *Melodies of Mourning* (lch 22):<sup>2</sup>

Is trua gur tugadh an 'Dreaming' ar chosmeolaíocht na mBundúchasach. Cumadh an t-ainm seo mar aistriúchán Béarla ar an téarma *altjira*, agus is dócha gurbh é an tOir. Louis Schultze, misinéir Liútarach, a cheap é sa bhliain 1891 agus é ina chónaí i Mísean Hermannsburg. Ar éigean atá an téarma doiléir úd 'Dreaming' in ann léargas a thabhairt ar an mbaint atá idir na réimsí feiniméanacha agus imfhiosacha

---

<sup>2</sup> *Melodies of Mourning: Music and Emotion in Northern Australia*. Fiona McGowan. University of Western Australia Press 2007. Baineann an leabhar seo leis an tsraith World Anthropology.

[*noumenal*] a úsáideann Yolngu chun a saol a eagrú... Is mó an cruinneas atá ag baint leis an téarma 'reacht sinseartha' [*ancestral law*] agus brí spioradálta nó brí pholaitiúil féin na réaltachta sinseartha á cur i gcéill.

Ar fud na tíre dúchais tugann an chosmeolaíocht reiligiúnda seo an éiceolaíocht, an spiorad sinseartha agus an t-ábhar daonna le chéile trí cheol agus trí rince. Sa reacht sinseartha, nocht na chéad daoine i riocht osréalach agus iad ag rince agus ag amhránaíocht trasna na tíre agus na mara. Bhain na sinsir seo le ceann amháin nó le ceann eile de dhá leath athartha easagamacha [*exogamous*] an domhain, a dtugtar Dhuwa agus Yirritja orthu, agus a thugann féiniúlacht do gach rud sa domhan. Bhain na Yolngu cothú spioradálta agus coirp as an nádúr riamh agus tá a rian sin ar shaol agus ar dheasghnátha na ndaoine: is beag nach mbaineann na hamhráin shinseartha go léir leis an dúlra, agus déantar deasghnátha de réir na séasúr chun torthúlacht an tsaoil dhaonna agus an tsaoil nádúrtha a dhearbhu. Sileann na Yolngu gur rud spioradálta í an tír de réir dúchais, agus fórsaí sinseartha inti a imríonn dáimh leis na daoine agus a thugann beatha dóibh. Chun caidreamh a chur ar na fórsaí sin léiríonn na Yolngu an tír le hamhránaíocht agus le rince, agus iad ag athnochtadh fhuaimneanna, ghothaí agus dhreach na gcéad sinsir úd a bheoigh an tír le rince.



### Sceimhle san India

*In India terror is now a weapon both of the State and the violently disaffected; neither Islam nor Hinduism are the gainers.*

Sa bhliain 2002 rinneadh sléacht ar Mhuslamaigh i stát Ghujarat, rud a d'fhág a lorg ar mheon na Muslamach na fud na hIndia. Is é Gujarat an t-aon stát mór Indiach amháin a bhfuil rialtas BJP (páirtí na n-antoisceach Hiondúch) i réim ann; ar an droch-uair (nó ar an dea-uair don té ar mhian leis dul in araicis na bruíne) tá mionlach Muslamach ann. Sa bhliain 2002 ní raibh ag teastáil ach an leithscéal ceart chun an lasóg a chur sa bharrach. Antoisceigh Mhuslamacha a sholáthair é, ós iadsan a bhí ciontach as ocht bpaisinéirí Hiondúcha is caoga a dhó beo beathach ar thraein, idir mhná, pháistí agus fhir. Imríodh díoltas agus ba léir gurbh fhada an BJP ag ullmhú faoina choinne: d'éirigh na mílte Hiondúch de gach aicme amach ar na sráideanna le buamaí, le gunnaí, le scianta agus le claímhte. Maraíodh os cionn dhá mhíle Muslamach agus ní raibh teorainn leis an uafás – éigniú, bascadh, dícheannadh, ciorrú, daoine á ndó beo beathach. Níor chuir na póilíní de dhua orthu féin teacht idir na círéibithe agus a gcreach. Díbríodh na mílte agus scriosadh siopaí, tithe agus monarchanna.<sup>3</sup>

Nuair a rinne an t-iriseoir Prashant Jja (ó *Himal Southasian*, Catmandú) taighde ar iarsmaí an scéil sa bhliain 2006, mhaígh sé gur bheag an t-ionadh nach ndearnadh ciontú san ár ach i dtír cinn déag de na 354 cás a éistíodh sna cúirteanna agus an oiread sin díograiseoirí Hiondúcha ina gcúisitheoirí poiblí. Chuir sé ar a súile dá chuid léitheoirí nach ndearna an rialtas náisiúnta dada chun Acht Coiscthe na Sceimhlitheoireachta, dlí fíordhian, a bhacadh, agus feidhm á baint as chun gníomhaithe Muslamacha a chur ina dtost.

Tá na milliúin Muslamach ina gcónaí san India, agus tá a bhformhór mór dílis dá dtír, rud atá siad sásta a rá go neamhbhalbh; ach in áiteanna ar nós Ghujarat mar a bhfuil an náisiúnachas Hiondúch dulta i bhfeidhm chomh mór sin ar aigne an mhórphobail, tá an dílseacht sin á triail go géar. D'ainneoin dheamhain na ndaoine ar mhaith leo an dá phobal a bheith ag tarraingt go maith le chéile, tá brú mall sóisialta á ndeighilt i gcúrsaí oideachais agus eile, agus i nGujarat féin is dian an teorainn atá idir ceantair an dá chreideamh. Tá an státseirbhís ag teacht faoi smacht na ndíograiseoirí Hiondúcha, rud nach dtéann chun tairbhe do Mhuslamaigh agus cabhair rialtais i gceist.

---

<sup>3</sup> Féach Arundhati Roy in *Counterpunch*, 3/5/02: 'Democracy and Religious Fascism'.

Tá antoiscigh Mhuslamacha i mbun oibre le tamall maith; a leithéidí siúd a phléasc buamaí anuraidh ina lán áiteanna - Delhi, Ahmadabad, Bangalore, Jaipur, agus Uttar Pradesh. B'fhéarr leis na hantoisicigh Hiondúcha a leithéidí sin a fheiceáil i réim sa phobal Muslamach ná daoine stuama síochánta: is fusa fonn sceimhlitheoireachta a chur i leith dreama a bhfuil colg orthu. B'fhurasta do na húdaráis teannadh ar Mhuslamaigh anois féin, mar a deir iriseoir Srilancach a scríobhann faoin ainm cleite *The Under Dog* agus atá ag cuimhneamh ar ar tharla ina thír féin:

Chun sceimhlitheoireacht a chur faoi chois, ní fada go gcuirfidh scuaid shlándála na ceisteanna seo ar Indiaigh a bhfuil ainm Muslamach orthu: Cén fáth a bhfuil tú amuigh chomh déanach sin? An bhfuil cúis mhaith agat le bheith in aice an óstáin sin? An féidir leat a chruthú go gcónaíonn tú sa chathair seo? Murab as an áit seo duit, cén fáth a bhfuil tú anseo? Is gearr go ngabhfar Muslamaigh Indiacha as a bheith ina Muslamaigh agus go mbeidh orthu a chruthú nach sceimhlitheoirí iad. Molfaidh formhór an phobail é seo. Déarfair gur trua é ach nach mór é a dhéanamh.

Ní féidir an scéal seo a phlé gan ceist na Caismíre a tharraingt anuas, áit atá ina cosair chró le fada. Ba chóir don Phacastáin í a fháil nuair a rinneadh an Chríochdheighilt; ach Hiondúch a bhí á rialú agus b'as an gCaismír don Phríomh-Aire, Jawaharlal Nehru. An India a choinnigh í, mar sin, cé go raibh méid éigin féinrialaithe le bheith ag na Caismírigh. Gealladh reifreann ach níor tháinig sé; sna hochtóidí rinneadh camastaíl bhallóide sna toghcháin áitiúla agus chuaigh ceannairí Muslamacha ar a gcoimeád. Faoi na nóchaidí bhí ceannairc faoi lán seoil ann, buamaí á bpléascadh, daoine á ndúnmharú, agus seirbhís rúnda na Pacastáine ag cuidiú leis na míleataigh Ioslamacha a bhí ag sleamhnú thar teorainn isteach. Chuir an India saighdiúirí agus paraimíleataigh isteach agus gan srian leo: imríodh anfhórlann ar sibhialtaigh, bhí daoine á gcéasadh, agus is beag fonn a bhí ar an rialtas agus ar iriseoirí Indiacha fiosrú a dhéanamh. Mar sin atá an scéal go fóill.<sup>4</sup>

Is beag tír is mó a bhfuil éagsúlacht ag baint léi ná an India; ar mhórán slite taispeánann na hIndiaigh conas is féidir an aontacht agus na éagsúlacht a chur in oiriúint dá chéile agus maireachtáil ar scáth a chéile. Bua ar an stair é sin; ach as an stair a fáisceadh an faltanas freisin agus é beo i gcroí an duine. Níor tháinig deireadh leis an scéal sin fós.



### **Scaradh na gCompánach**

*Afghanistan, yet again, proves inhospitable to the kindness of strangers. There is talk of the need to strengthen local administration (difficult in the midst of war); talk of negotiation; a suspicion that what seemed to be victories smell retrospectively of defeat. But the country continues to be a site of the struggles of other powers.*

Astrálach is ea David Kilcullen, athoifigeach atá anois ina eolaí ar an bhfrithcheannairc agus lámh isteach aige leis an lucht ceannais in Washington. 'Tá an phraiseach ar fud na mias san Afganastáin,' a scríobh sé le déanaí, 'ach is féidir an cogadh a bhuachan fós'. Tá fadhbanna ann - tá ag teip ar an rialtas na daoine a chosaint agus an dlí a chur i bhfeidhm, tá dídean ag an Talaban fós sa Phacastáin, agus níl aird iomlán á tabhairt ar an gcogadh. Tháinig an Talaban in áit an rialtais ina lán áiteanna: tá trí chúirt déag acu i ndeisceart na hAfganastáine agus iad ag plé le cúrsaí sibhialta d'fhormhór - conspóidí faoi thalamh, faoi uisce, faoi oidhreachtaí, rudaí ar chóir don rialtas féin a shocrú.

Tá a leigheas féin ag Kilcullen ar an scéal: eolas a fháil ar dháileadh an daonra agus saighdiúirí a roinnt dá réir, agus acmhainní neamh-mhíleata a úsáid go stuama - comhairleoirí, innealtóirí, airgead cabhrach agus eile. B'fhéarr leis cuidiú le daoine sna sráidbhailte ná dul chun cainte leis an Talaban. Is iomaí duine a thioctadh leis seo nó le cuid

<sup>4</sup> Féach alt suimiúil le William Dalrymple ar *The Observer*, 30/1/08.

de, ach is beag duine anois a déarfadh gur féidir an cogadh a bhuachan. Tá ré an duaircis tagtha.

Aithnítear anois nach féidir an Talaban agus a gcairde a shárú mura dtéann rialú na tíre i bhfeabhas – rud nár tharla fós agus nach dtarlóidh feasta gan mhoill. Cuimhnímis nach ar mhaithe le pobal na tíre a tháinig na heachtrannaigh riamh. Tarraingíodh na Briotanaigh isteach sa tír sa 19ú haois chun teorainn na hIndia a chosaint; tháinig na Rúisigh isteach chun a réimse tionchair a chosaint; lean na Meiriceánaigh iad chun iad féin a chosaint ar al-Qaida, agus thug siad leo a gcomhghuaillithe. Tá ceisteanna teorann ag dó na geirbe ag an bPacastáin, agus líne Dhurand (teorainn na léarscáile) bunoscionn leis an stair.

Is minic an scéal seo á chíoradh ag na heolaithe, más go gaoiseach é nó a mhalairt. Ina measc siúd tá beirt údar eolgaiseacha, Barnett Rubin agus Ahmed Rashid, agus pléifear a bhfuil le rá acu mar léiriú ar an tuairimíocht is ceannasaí, cé nach gá gurb í is cruinne.<sup>5</sup>

Is é an chomhairle atá á tabhairt do na comhghuaillithe san Afganastáin faoi láthair go gcuirf breis saighdiúirí chun na tíre agus polasaithe a bheartú dá réir: dlús a chur le traenáil an Airm agus na bpóilíní; airgead a chaitheamh níos éifeachtaí ar an deisiú agus ar an riar; brú a chur ar an bPacastáin, breis cabhrach a thabhairt di, agus áiteanna dídine a ionsaí ann gan é a chur i gcead na bPacastánach féin; taobhú leis an daonlathas sa Phacastáin agus an tseirbhís rúnda a chur faoi smacht sibhialtach ann; srian a chur le tionscal na ndrugaí san Afganastáin. Ach, mar a deir Rubin agus Rashid, tá an tír an-bhocht: fiú amháin dá méadódh teacht isteach na tíre faoi dhó ní bheadh a dhóthain airgid ag an rialtas chun na fórsaí slándála a mhéadú go mór, agus bheadh tréimhse fhada shíochána ag teastáil chun staid na tíre a fheabhsú.

Tá tábhacht ar leith leis an bPacastáin, ar ndóigh, sna cúrsaí seo. Feiceann lucht slándála na Pacastáine naimhde gach taobh den tír, más fíor, naimhde atá ag iarraidh í a shracadh óna chéile, go háirithe agus ruathair thrasteorann á ndéanamh ar chríocha atá á n-éileamh ag an Afganastáin. Tá eagla ar na Pacastánaigh go mbacfar iad san Afganastáin agus sa bhaile ag comhaontas Meiriceánach-Indiach-Afganastánach agus ag comhaontas Rúiseach-Ioránach. Is eagal leo go mbeadh rialtas na hAfganastáine ar thaobh na hIndia; is eagal leis an Iaráin go n-ionsófaí í ó thaobh na hAfganastáine; agus tá inní ar an tSín, ar an Rúis agus ar an India faoi bhunáit de chuid NATO a bheith ann.

Tá scéal na dtreibheanna teorann gan réiteach fós, treibheanna ba dheacair do na Briotanaigh agus do rialtas na Pacastáine araon a rialú. Baineadh tairbhe as an scéal trí stádas oifigiúil a bhronnadh ar na ceantair sin agus a gcosaint a fhágáil faoi na treibheanna féin. Chreideadh seirbhís rúnda na Pacastáine go bhféadfaidís na míleataigh Ioslamacha a stiúradh ar mhaithe leo féin, ach níl na míleataigh sásta anois a bheith ar chomhairle a seanchairde. Tá cuid mhaith de thuaisceart na tíre dulta thar smacht na rialtais anois. Deir Rubin agus Rashid gur féidir socrú ciallmhar a bheartú: comhréiteach a dhéanamh leis na ceannaircigh sa Phacastáin agus san Afganastáin i ngnóthaí polaitíochta agus na ceantair fhéinrialaithe threibheacha a nascadh leis an gcuid eile den tír.

Tá púca na n-adharc fós ann: an India. D'fhéadfadh sí (dar leis an bPacastáin) uisce faoi thalamh a dhéanamh trína cuid consalachtaí san Afganastáin; tá an India agus an Iaráin ag obair as láimh a chéile ann chun go mbeadh teacht ag an Afganastáin ar chalaí Ioránacha; aithníonn Meiriceá an India mar stát dlíthiúil núicléach ach táthar doicheadall leis an bPacastáin de bharr an chúnaimh a thug sí siúd do stáit bhradacha.

Molann Rubin agus Rashid go rachadh na tíortha agus na dreamanna a mbaineann an scéal leo chun cainte le chéile i dtaobh na rudaí a chuireann inní agus eagla orthu. Ar na rudaí sin tá al-Qaida, cé go bhfuil fianaise ann go bhfuil an Talaban scartha leo. Níl na Talabanaigh dall ar bhuntáistí na polaitíochta, agus, mar a deir Rubin agus Rashid, tá an tír i bhfad níos treise

---

<sup>5</sup> Féach alt dá gcuid, 'Playing Countries,' ar an *Australian Financial Review*, 28/11/08.

ná mar a bhí seacht mbliana ó shin, a bhuíochas sin ar an dá thoghchán, ar an dá Loya Jerga (tionóil náisiúnta), ar chúig mhilliún guthán póca agus ar lear meán nua. Tá a fhios sin ag an Talaban. Go fiú sa bhliain 2004 bhí a gcuid ardcheannairí ag iarraidh dul chun cainte leis an rialtas, agus bhí lucht tacaíochta an Talabana sásta a bheith páirteach i dtoghcháin sa Phacastáin (cé gur buadh go dona orthu).

Idir an dá linn tá an Talaban agus feidhmeannaigh áitiúla ag baint tairbhe as na poipíní codlaidín. Deir na húdaráis leis na daoine go bhfuil saothrú na bpoipíní codlaidín in éadan an Ioslamachais, go gcothaíonn sé iaróg agus coiriúlacht, go bhfágann sé daoine báite i bhfiacha agus go dtugann sé náire na tíre. Ach is beag obair eile ann agus níl cúnaimh á fháil ón rialtas. An Afganastáin a sholáthraíonn 92% de hearóin an domhain, agus tuilleann na poipíní os cionn \$4 billiúin in aghaidh na bliana, beagnach leath theacht isteach na tíre. Is mór an brabach a bhaineann an Talaban as le haghaidh arm agus tuarastail – buntaiste a sháraigh an doichead a bhí orthu tráth roimh na poipíní.

Tháinig cáipéisí rúnda i seilbh an nuachtáin *The Australian*, agus iad scríofa ag feidhmeannaigh eachtrannacha atá i mbun feachtais fhrithshámhshuanaigh. Is léir uathu go bhfuil an feachtas frithphoipíní á bhacadh i gCúige Oruzgan ag an mbreabaireacht, ag feidhmeannaigh neamhinniúla agus ag lámh láidir an Talabana. Tá clár Meiriceánach ann chun áiteamh ar fheirmeoirí na poipíní a thréigean agus iompú ar bharr dleathacha; ach tá ag teip air, ní hamháin in Oruzgan ach in Helmand, in Kandahar agus i bhFarah chomh maith – cúigí bochta atá beo le fada ar na bláthanna dearga áille. Tá na mílte duine tugtha do dhruaí san Arm agus sna póilíní agus tá na húdaráis agus lucht saothraithe drugaí ag obair as lámh a chéile. Ní féidir cur i gcoinne na ndrugaí ar chor ar bith sna gceantair atá faoi smacht an Talabana.<sup>6</sup>

Níl aon amhras ná gurb é an réiteach polaitiúil an ceann is fearr, cé nach réiteach é a chuirfidh clabhsúr iomlán ar an imreas. Ach má thagann síocháin éigin as gheofar deis ar athchóiriú, deis a bhfuil práinn léi.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).*

---

<sup>6</sup> Féach alt le Cameron Stewart ar an *Australian*, 27/11/08.

